Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13641/23**

**LIMITE**

**CORLX 921**
**CFSP/PESC 1327**
**RELEX 1116**
**COAFR 338**
**CONUN 256**
**COARM 248**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2023) 32 final |
| Ábhar: | Togra comhpháirteach le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2023) 32 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2023) 32 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

PUBLIC

An Bhruiséil, 13.10.2023
JOIN(2023) 32 final

2023/0374 (NLE)
**SENSITIVE**[*]

Togra comhpháirteach le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir**

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir.

An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.

Tá an Chomhairle ar tí cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES chun na forálacha sin a léiriú.

Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

PUBLIC

2023/0374 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) [2023/,...][1], lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir[2],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir[3] ('PAL'), chun éifeacht a thabhairt do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES.

(2) An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.

(3) An [...] Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) [2023/...], lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES i gcomhréir le Rún 2693 (2023).

(4) Tagann roinnt de na leasuithe seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3, litir (e):

---

[1] IO L …
[2] IO L 352, 24.12.2013, lch. 51.
[3] IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.

‘(e) a bhaineann le soláthairtí arm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha do na fórsaí slándála thuasluaite, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC